## Sochar an Chuardaitheora Oibre (JB) agus Liúntas an Chuardaitheora Oibre (JA)

*Sochar Dífhostaíochta agus Cúnamh Dífhostaíochta mar a bhíodh orthu*

### *Na Critéir Choiteanna chun ceachtar den dá íocaíocht a fháil*

Is iad Sochar an Chuardaitheora Oibre agus Liúntas an Chuardaitheora Oibre an dá phríomhíocaíocht dífhostaíochta. I gcás an dá íocaíochta, ní mór do dhuine a bheith:

- Ina c(h)ónaí i bPoblacht na hÉireann
- Faoi bhun 66 bliain d'aois
- 16 bliain d'aois nó níos sine i gcóir teidlíochta do Shochar an Chuardaitheora Oibre agus 18 bliain d'aois nó níos sine i gcóir teidlíochta do Liúntas an Chuardaitheora Oibre
- Dífhostaithe ar feadh 3 lá ar a laghad as 6 lá i ndiaidh a chéile.
- Ar Fáil do, in Ann do agus ag Déanamh Fíoriarracht Obair a Fháil

## Sochar an Chuardaitheora Oibre

### *Teidlíocht do JB*

Tá teidlíocht do JB bunaithe ar an líon ranníocaíochtaí ábhartha ÁSPC atá íoctha nó curtha chun creidmheasa (stampaí a thugtaí orthu seo). Is féidir ranníocaíochtaí ÁSPC a íoc (nuair atá duine ag obair) nó a chur chun creidmheasa (lena n-áirítear nuair atá duine ag síniú ar an mBeochlár). Tá tuilleadh eolais le fáil i Mír 5 faoi Ranníocaíochtaí ÁSPC.

Tá teidlíocht ag duine do JB má tá:

- Caillteanas substaintiúil fostaíochta lá amháin aige nó aici a bhfuil caillteanas ioncaim i gceist leis
- 52 seachtain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha aige nó aici ó thosaigh sé nó sí ag obair **agus**
- 39 seachtain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha nó curtha chun sochair aige nó aici sa Bhliain Cánach Ábhartha **nó**
- 26 seachtain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha sa Bhliain Cánach Ábhartha **nó**
- 26 seachtain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha sa Bhliain Cánach roimh an mBliain Cánach Ábhartha

> Is féidir le duine cáiliú arís do Shochar an Chuardaitheora Oibre (JB) má tá 13 ranníocaíocht íoctha aige nó aici ón uair a tháinig deireadh lena (h)éileamh deireanach JB/JA (ar choinníoll go bhfuil a s(h)ochar uile úsáidte ag an duine agus go sásaíonn sé/sí na critéir ábhartha eile).

### *Íocaíocht*

Bunófar an méid a fhaigheann duine ar JB ar a (h)olltuilleamh seachtainiúil ar an meán sa bhliain cánach ábhartha. Beidh siad i dteideal an ráta iomlán JB má bhí tuarastal seachtainiúil acu de €150 ar a laghad sa bhliain cánach / ranníocaíochta ábhartha. Taispeánann Mír 4 na Rátaí Íocaíochta JB do 2007.

### *Bliain Cánach/Ranníocaíochta Ábhartha*

Cinntítear an bhliain cánach/ranníocaíochta ábhartha ag ranníocaíochtaí sa bhliain cánach dhá bhliain roimh an mbliain ina bhfuil duine ag déanamh éilimh ar íocaíocht dífhostaíochta, .i. chun éileamh a dhéanamh ar JB i 2007, is í an bhliain cánach / ranníocaíochta ábhartha ná 2005, agus cinntíonn an líon ranníocaíochtaí íoctha nó curtha chun sochair a rinneadh i 2005 teidlíocht do JB i 2007.

### *Moill in íocaíocht JB*

Beidh moill ann idir 1 lá agus 9 seachtain Íocaíocht Shochar an Chuardaitheora Oibre a fháil, má dífhostaítear duine trí:

- Fostaíocht a fhágáil, lena n-áirítear scéimeanna oiliúna agus fostaíochta, gan chúis mhaith
- Diúltú de thairiscint fostaíochta oiriúnach nó oiliúint curtha ar fáil ag FÁS, gan chúis mhaith (infheidhmithe don JA freisin)
- Glacadh le híocaíocht iomarcaíochta de €19,046.07 (ardóidh sé seo go dtí os cionn €50,000 ó Feabhra 2007). Baineann sé seo le daoine atá faoi bhun 55 bliain d'aois.

Má dhífhostaítear duine dífhostaithe ar aon cheann de na cúiseanna thuasluaite ach nach síníonn sé nó sí ar feadh an chéad 9 seachtain, d’fhéadfadh sé nó sí a bheith i dteideal JB a fháil don tréimhse iomlán 15 mí.

## Liúntas an Chuardaitheora Oibre

### *Cáiliú do JA*

D’fhéadfadh duine a bheith i dteideal JA a fháil má:

- Comhlíonann siad na critéir atá sonraithe ar leathanach 11 faoi Chritéir Choiteanna
- Mura bhfuil dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC aige nó aici chun go bhfaighidh siad Sochar an Chuardaitheora Oibre
- Tá sé nó sí in ann Tástáil Maoine a shásamh **agus**
- Tá sé nó sí in ann an Riail maidir le Gnáth-Chónaitheacht a shásamh

### *Tástáil Maoine do JA*

Beidh teidlíocht d’íocaíocht JA ag brath ar ioncam duine. Beidh ráta seachtainiúil na híocaíochta JA ag brath freisin ar acmhainn duine. Cuirfear agallamh ar dhuine atá ag déanamh éilimh ar JA faoina (h)acmhainn. Ba cheart dó nó di taifead de ráitis bhainc nó chuntais a choinneáil más féidir mar go bhféadfadh siad a bheith ag teastáil.

Áirítear na ceithre acmhainn ioncaim féideartha seo sa Tástáil Maoine:

- Ioncam i bhfoirm Airgid Thirim
- Caipiteal
- Maoin
- Sochar agus Pribhléid (dóibh siúd faoi bhun 25 bliain d’aois amháin)

Cuirfear ioncam i bhfoirm airgid thirim beagnach ina iomlán san áireamh. Tá roinnt eisceachtaí ann, lena n-áirítear Sochar Leanbh agus Forlíonadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste. D’fhéadfaí measúnú a dhéanamh sa tástáil maoine ar luach aon mhaoine – *ach amháin teach cónaithe duine*, infheistíochtaí, coigilteas nó caipiteal. Ríomhadh atá déanta ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar an sochar a fhaigheann duine dífhostaithe ó bheith ina c(h)ónaí i dteach a t(h)uismitheoirí é Sochar agus Pribhléid. Ní bhaineann sé seo leo siúd atá 25 bliain d’aois nó níos sine agus atá ina gcónaí lena dtuismitheoirí.

### *An chaoi a dhéantar measúnú ar acmhainn duine dífhostaithe*

Nuair atá measúnú á dhéanamh ar acmhainn duine dífhostaithe, ríomhtar a (h)airgead tirim, coigilteas, infheistíochtaí nó aon mhaoin ach amháin a t(h)each féin ag baint úsáide as an bhfoirmle seo a leanas:

| Capiteal | Ioncam Seachtainiúil |
|---|---|
| Suas go €20,000 | Naid |
| €21,000 – €30,000 | €1 in aghaidh €1,000 |
| €31,000 – €40,000 | €2 in aghaidh €1,000 |
| Os Cionn €40,000 | €4 in aghaidh €1,000 |

| **Sampla** | |
|---|---|
| Tá coigilteas, lena n-áirítear maoin (seachas a t(h)each féin) a bhfuil luach €40,000 uirthi, ag duine a dífhostaíodh le gairid. | |
| Maoin | €35,000 |
| Coigilteas | €5,000 |
| Luach Iomlán | €40,000 |
| Coigilteas Inmheasúnaithe | |
| An chéad €20,000 | Naid |
| €21,000-€30,000 (10 x €1) | €10 |
| €31,000-€40,000 (10 x €2) | €20 |
| Luach Iomlán Seachtainiúil | €30 |
| Bainfear €30 ó íocaíocht sheachtainiúil an duine | |

### *Riail maidir le Gnáth-Chónaitheacht*

Beidh teidlíocht d'íocaíocht JA ag brath ar an riail maidir le Gnáth-Chónaitheacht a shásamh. Is iad na fachtóirí is tábhachtaí maidir le Gnáth-Chónaitheacht ná fad, leanúnachas agus nádúr ginearálta na cónaitheachta féin.

Go ginearálta, sásóidh iarratasóir an riail maidir le gnáth-chónáitheacht má tá siad in Éirinn go dlíthiúil ar feadh dhá bhliain nó níos mó, má oibríonn siad in Éirinn agus má tá rún seasta aige/aici fanacht in Éirinn agus cónaí ann go buan.

### SWA agus Gnáth-Chónáitheacht

Amhail mí na Samhna 2005, d'fhéadfadh saoránaigh an AE a bhí ag obair in Éirinn agus nach sásaíonn na critéir maidir le Gnáth-Chónaitheacht a bheith in ann íocaíocht bhunúsach Liúntas Forlíontach Leasa (SWA) a éileamh, mar aon le Forlíonadh Cíosa agus íocaíochtaí SWA eile má:

- Bhí siad fostaithe in Éirinn
- Tá a bpost caillte acu
- Comhlíonann siad na coinníollacha cáilithe ábhartha eile do SWA.

Riarann Oifigigh Leasa Phobail (CWOanna) na híocaíochtaí seo agus go hiondúil cuirfidh siad san áireamh gach obair atá déanta ag an éilitheoir agus cuirfidh siad na nithe seo a leanas san áireamh:

- Tréimhse na bhfostaíochta
- An líon uaireanta a oibríodh
- An leibhéal tuillimh
- An é go raibh an obair rialta nó neamhrialta
- An é gur dífhostaíodh an duine go deonach

***Ba cheart cinneadh a dhéanamh ar gach cás bunaithe ar a thuillteanais féin.***

### *Obair Pháirtaimseartha agus JA*

Is féidir le duine atá ag fáil JA oibriú ar feadh suas go trí lá in aon tréimhse sé lá i ndiaidh a chéile agus JA a éilimh ar na laethanta eile. Mar sin féin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an ioncam a fhaigheann duine ó bheith ag obair ar an íocaíocht JA. Breathnaíonn an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar aon chuid den lá a bhfuil an duine ag obair mar lá iomlán fostaíochta. Ní mór

don duine leanúint ag cruthú go bhfuil siad ar fáil agus ag déanamh fíoriarracht obair a fháil ar na laethanta atá siad dífhostaithe.

Nuair atá leanaí cleithiúnacha ag duine atá ag fáil JA, bainfear 60% den tuarastal (i ndiaidh cánach) óna (h)íocaíocht JA. Sa chás nach bhfuil leanaí cleithiúnacha ag éilitheoir JA, ceadófar neamhaird ioncaim de €12.70 do gach lá a oibrítear (suas go dtí 3 lá ar uasmhéid). Bainfear an neamhaird Ioncaim ón tuarastal (i ndiaidh cánach) agus déanfar measúnú ar an méid atá fágtha ag 60%. Ardóidh an neamhaird ioncaim laethúil ó €12.70 go €20.00 i Meán Fómhair 2007.

### *Ag roghnú íocaíochta JA fad-téarmaí in áit JB*

Tá an rogha ag duine atá ag fáil an ráta níos ísle JB JA a éileamh má shásaíonn siad tástáil maoine

B'fhéidir gur rogha fiúntach é seo má tá an íocaíocht JB níos lú ná an méid a bhfaighidís ar JA

| **Sampla – Duine ar JA le leanaí cleithiúnacha** | |
|---|---|
| Lanúin le 2 leanbh cleithiúnacha ag fáil JA, oibríonn duine acu dhá lá in aghaidh na seachtaine, agus tuilleann sé/sí €185 i ndiaidh cánach. | |
| Íocaíocht iomlán JA | €353.10* |
| Ioncam Oibre | €185.00 |
| Ioncam Inmheasúnaithe (60% de €185) | €111.00 |
| Íocaíocht iomlán JA lúide Ioncam Inmheasúnaithe (€353.10 lúide €111) = | €242.10 |
| | |
| Íocaíocht Iomlán (lena n-áirítear íocaíocht JA agus ioncam oibre) = | €427.10 |
| *€353.10 (lena n-áirítear íocaíocht JA + íocaíocht do Dhuine Fásta Incháilithe + 2 íocaíocht Liúntas Leanbh Cleithiúnaigh). | |

## Tuilleadh Eolais

Chun tuilleadh sonraí a fháil ar an riail maidir le Gnáth-Chónaitheacht, Neamhairdeanna Ioncaim, liosta iomlán díolúintí maidir le hIoncam i bhfoirm Airgid Thirim nó tuilleadh eolais ar Shochar agus Pribhléid, téigh i dteagmháil leis an INOU.

Chun tuilleadh sonraí a fháil ar na treoirlínte a chuireann an Roinn i bhfeidhm sa Riail maidir le Gnáth-Chónaitheacht, tá an láithreán gréasáin www.welfare/foi/habres.html úsáideach.

Chun tuilleadh sonraí a fháil ar na treoirlínte a chuireann an Roinn i bhfeidhm maidir le JB agus JA, tá na láithreáin gréasáin
(www.welfare.ie/foi/jb_jobseekben.html)
(www.welfare.ie/foi/ja_jobseekall.html)
faoin Acht um Shaoráil Faisnéise an-úsáideach.

Is féidir dul i dteagmháil le hÍocaíochtaí agus Seirbhísí Eolais de chuid na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar an nguthán ag (01) 704 3000 le haghaidh eolas a fháil ar gach íocaíocht lena n-áirítear JB agus JA.